Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10667 – VESA / POSTNL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 199/09)

1. An 6 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Vesa Equity Investment S.à.r.l. ("Vesa", Lucsamburg),

— PostNL N.V. ("PostNL", an Ísiltír).

Gheobhaidh Vesa rialú aonair ar PostNL ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Vesa: meán infheistíochta faoi rialú ag an Uasal Daniel Křetínsky, náisiúnach de chuid Phoblacht na Seice. Tá leasanna ag an Uasal Křetínsky i gcuideachtaí atá gníomhach in earnálacha an fhuinnimh, na bhfóntas, na meán agus na ríomhthráchtála,

— PostNL: cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta atá liostaithe ar Stocmhalartán Amstardam. Is iad príomhghníomhaíochtaí gnó PostNL post, beartáin agus earraí eile a bhailiú, a shórtáil agus a sheachadadh san Ísiltír, sa Bheilg, i Lucsamburg agus sa Ríocht Aontaithe. Is é soláthraí ainmnithe na hoibleagáide seirbhíse uilíche (USO) san Ísiltír é.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir caitheamh leis faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10667 – VESA / POSTNL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË